# Mairg agá mbí meanma mhear!

[Thomas F. O’Rahilly: *Measgra Dánta* I, poem 3]

1 Mairg agá mbí meanma mhear!
tosach fuaras nár chleacht cách:
taobh re haonlocht ní bhí daoi;
minic do bhí saoi re dán.

2 Ní hionráidh aifreann gan fhíon;
annamh curthar síol na sméar;
tig Máirt i ndiaidh gacha Luain;
tearc, dá threise, nách fuair léan.

3 Ní coimseach coite gan tóin;
truagh, a Mhuire, tóir gan arm;
atá sgológ i nGleann Gó
nách tabhair muc mhór ar bhanbh.

4 Ní teirce uisge ná fíon
san bhaile bhíos gan chuan long;
ar talmhain dá siubhladh súd,
ní badh moille cú ná corr.

5 Ní hiondulta i luing gan lón;
ionann díbh an t-ór ’s a luach;
itear arán ar bórd Gall;
feirrde crann ar a mbí cnuas.

6 Ag pápa dá raibh san Róimh
do bhí saidhbhreas óir, más fíor;
innsim so dá gach neach, -
feirrde teach ar a mbí díon.

7 Annamh itear muc gan dódh;
is minic fear mór go meirbh;
gach fear dá léighfe mo dhán
ni bhfuighe bás do bhreith leinbh!

8 Is tearc duine théid ón bhás,
innsim sin do chách os aird;
an uair do mhair Fionn na bhfian
do bhíodh a shealg ar Sliabh Mairg.